

Oisín i dTír na nÓg: Sinsir

Maidin cheomhar samhraidh in aice le Loch Léin, bhí Oisín ag fiach lena athair, Fionn Mac Cumhaill, agus lena chairde sna Fianna. Ba laoch mór le rá é Oisín a raibh dúil aige sa tóraíocht, ach b'fhile é freisin a raibh guth binn aige. Shuíodh sé ar na cnoic os cionn Loch Léin ag déanamh brionglóide faoi chréatúir mhistiúla agus é ag canadh faoi thíortha i gcéin.

Láithrigh pearsa ar chapall bán ag bun na spéire. De réir mar a tháinig sé i ngaireacht, thug Oisín faoi deara gur bean álainn í an marcach. Bhí sí gléasta mar bhanríon agus lonraigh a cuid gruaige óir sa ghrian ar nós corónach. Cheap Oisín go raibh a súile ar an dath ba ghlaise agus ba dhoimhne dá bhfaca sé riamh. Thit sé i ngrá léi láithreach.

Rinne sí meangadh agus dúirt le hOisín:

'Niamh Chinn Óir is ainm dom agus is banphrionsa mé ó Thír na n-Óg. Tháinig mé ó mo bhaile féin ar mo chapall toisc gur thit mé i ngrá leat a hOisín. Tar liom go Tír na n-Óg agus beimid ar na lánúin is sona atá beo beathach.'

Cheap Oisín go raibh sé ag déanamh brionglóide, ach shín sí amach a lámh chuige;

'Tar in airde liom ar mo chapall agus rachaimid le chéile go Tír na n-Óg.'

Chuaigh sé in airde ar an gcapall bán agus choinnigh sé greim daingean uirthi ina bhaclainn.

D'imigh siad leo ar cosa in airde le Fionn agus na Fianna fágtha ina ndiaidh agus a mbéal ar leathadh acu le hiontas. Choinnigh Oisín agus Niamh greim daingean

ar a chéile agus an capall dá dtreorú go Tír na nÓg. Ar aghaidh leis ar cosa in airde trasna na farraige, agus is ar éigean a d'imigh an chos in aice an uisce.

Gan mhoill, d'imigh na gleannta glasa dorcha agus sléibhte na hÉireann as amharc laistiar díobh agus bhí ceobhrán tiubh na mara mórthimpeall orthu. Go tobann, shroich Oisín tír dhúchais Niamh.

Chuir Oisín faoi i dtír na nÓg agus é sona sásta ar feadh tamaill. Bhí muintir na háite sona agus cairdiúil leis i gcónaí. Bhí Niamh an-chineálta leis comh maith ach i gcaitheamh ama mhothaigh sé Éire uaidh. Bhuail an t-uaigneas go dona é agus theastaigh uaidh a chlann agus a chairde a fheiceáil arís. Thug Niamh é seo faoi deara agus d'fhiafraigh sí de an fáth a bhí lena bhrón.

'Motháim uaim mo chairde agus mo chlann in Éireann. Cén fáth nach dtabharfaimid cuairt orthu agus is féidir liom tú a chur in aithne do gach aon duine?'

Ach níorbh fhéidir le Niamh Tír na nÓg a fhágáil agus d'impigh sí ar Oisín gan dul ach oiread. Ach ina croí istigh, bhí a fhios ag Niamh go raibh a aigne socraithe aige agus dúirt sí leis:

'Tóg leat mo chapall go hÉirinn agus coimeádfaidh sé slán thú. Ach geall rud amháin dom - ná cuir do chos fút ar thalamh na hÉireann.'

Gheall Oisín di go bhfanadh sé ar an gcapall. Phóg sé Niamh agus é ag fágáil sláin léi le gealltanais go mbeadh sé sa bhaile léi arís go luath. Chaoin sí agus í ag

breathnú ar a capall ag tógáil Oisín leis thar na cnoic agus trasna na dtonnta go hÉirinn.

I dtosach, níor aithin Oisín an tír ina raibh sé ar chor ar bith. Cá raibh na fléitithe? Cén fáth a raibh cuma níos lú agus níos laige ar na daoine ná mar a bhí cuimhne aige orthu. Chuaigh sé go dtí an áit a mbíodh halla mór a athar. Ach ní raibh roimhe ach mullóg charraige agus í fiáin le fiailí agus le driseacha garbha. Scread ar Bhran agus Sceolaing, cúnna a athar, ach ní raibh siad ann.

Chonaic sé roinnt fear agus saothar orthu ag iarraidh carraig mhór a bhogadh ó thalamh shaothraithe, agus bhog sé an capall ina dtreo.

'Oisín is ainm dom, mac Fhinn Mhic Chumhaill. Cén áit is féidir liom teacht air agus ar a laochra, na Fianna?' a d'fhiafraigh sé díobh.

Stán na fir air. Ba eisean an fear ba mhó a chonaic siad riamh. D'fhreagair an fear ba shine díobh Oisín. 'Chuala mé faoi Fhionn Mac Cumhaill agus na Fianna. Ba laochra ollmhóra iad a bhíodh ina gcónaí sa tír seo 300 bliain ó shin.'

Níor chreid sé an rud a chuala sé. Bhí a chairde agus a chlann imithe. De réir dealraimh, b'ionann trí bliana i dTír na nÓg agus trí chéad bliain in Éirinn! Lean na fir orthu ag obair agus mhothaigh Oisín trua dóibh. Bhí siad rólag chun carraig mhór mar sin a bhogadh. Chrom sé síos den chapall agus bhrúigh sé an charraig lena neart coirp.

Go díreach agus an charraig ag rolladh le fána, chuala Oisín snab! Bhris diallait an chapall agus thit Oisín go talamh. Lom láithreach, thit ualach 300 bliain anuas ar a ghuailí. Díreach ansin, d'athraigh Oisín ó laoch folláin go seanfhear leochaileach. D'éirigh an capall ar na cosa deiridh agus rith sé leis ar luas na gaoithe. Chaoin Oisín mar thuig sé nach bhfeicfeadh sé Niamh nó Tír na nÓg arís.

Mhóthaigh na fir trua dó agus thóg siad abhaile é. Cé go raibh sé an-bhrónach, bhain sé taitneamh as comhlúadar a chairde nua. Níor chuala formhór mhuintir na hÉireann faoi Fhionn Mhic Cumhaill nó na Fianna. Gan mhoill, bhí Oisín ag insint scéalta agus dánta faoi na laochra a raibh aithne aige orthu agus ag déanamh suilt do dhaoine lena ghuth binn.

A bhuíochas sin ar Oisín, mac Fhinn Mhic Chumhaill, tá cur síos againn ar laochra na hÉireann fadó.